

Polasaí Scoile ar Fhóin Phóca/Seinnteoir Meáin

Cuireann úsáid gléasanna soghluaiste le linn am scoile bac ar theagasc agus ar fhoghlaim sa seomra ranga. Mar sin féin, aithnímid go bhfuil gnéithe dearfacha ag gléasanna soghluaiste agus is modh tábhachtach cumarsáide é.

Ceadaítear do dhaltaí fóin phóca/seinnteoir meáin a thabhairt ar scoil faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Is féidir le daltaí a gcuid fóin phóca a bheith acu ach **ní mór é a bheith múchta** (ní cheadófar é a chur ina thost nó an an modh “cíúin”)
- **Níor chóir RIAMH fón póca a thabhairt isteach i scrúdú.** Cuirfear an scrúdú ar ceal má thagann sé chun solais go bhfuil sé sin déanta ag dalta
- **Caithfidh an fón a bheith múchta lastigh de gheataí na scoile.** Má fhanann an dalta chun staidéar oíche a dhéanamh caithfidh an fón fanacht múchta
- Más gá do dhalta teagmháil a dhéanamh le baile go práinneach beidh cead acu an fón a úsáid in oifig na scoile. Más gá do thuismitheoirí dul i dteagmháil le leanaí go práinneach ba chóir dóibh glaoc a chur ar an scoil agus cuirfear an teachtaireacht ar aghaidh go tapaidh
- **Níl cead ag daltaí grianghraif, fuaimeanna ná fis a thaifead ar scoil.**

Maidir le fón póca:

- Má tá an fón casta ar siúl tógfar láithreach é – tabharfaidh an múinteoir an fón don oifig. Caithfidh an dalta teacht go dtí an Príomhoide láithreach
- Beidh ar an dalta litir leithscéalach a scríobh don mhúinteoir
- Litir mhíniúcháin a scríobh don Phríomhoide
- Fanacht siar tar éis scoile
- Caithfidh thuismitheoir an fón a bhailiú

Úsáid an fón póca mar ghléas foghlama soghluaiste:

Tugann múinteoirí cead do dhaltaí an fón póca a úsáid mar ghléas foghlamtha soghluaiste nuair is cuí. Tá sé de dhualgas ar an dalta an fón a mhúchadh ag deireadh an ranga arís. Gan amhras iarrtar ar dhaltaí a chinntiú go bhfuilid ag cloí leis an bpolasaí úsáid inghlactha teicneolaíochta fáisnéise agus cumarsáide scoile i gcónaí.

- ✓ Bí i do shaoránach digiteach maith
- ✓ Úsáid chun tascanna scoile amháin a dhéanamh
- ✓ Tóg grianghraif / físeáin do thascanna amháin (faigh cead eisceachtíúil ón múinteoir ar dtús)
- ✓ Bain úsáid as líonra wifi na scoile amháin